# ‘An Saol Rúnda’ – Oisín Mac

## *Liricí*

Rugadh mé i nócha trí,
Is neach de chuid na nóchaidí,
Atá ionamsa fós go dtí,
An lá a imeos mo nósannaí,
Nuair a bheas mo bheocht imithe,
Ó mo cholainn saolta,
Le mo chomharsanaí ag cóisir tí,
Is mé á chuimhniú ina scéalta.
Bhí mé sna déaga sula bhfuair mé fón póca,
Ach chaith mé m’óige ar imeall an chósta,
Is muid ag dul amach, níor ghlacamar ach cóta,
Is níor tharla dúinn ach cúpla cos a bheith leonta,
Anois tá gasúir amaideacha ag úsáid guthán cliste,
Sula bhfuil siad sách sean le go mbíonn a ngutha briste,
Ag éisteacht le YouTube is ag déanamh aithris air,
Gafa ag an gclickbait tríd a gclaonadh don mhistéir.

Cultúr an Photoshop is Hollywood ar chuile bhaile beag,

Ag déanamh creimeadh gan staonadh ar na cultúir leochaileacha (uilig),

Agus muid ag craoladh ár saolta do dhaoine ar líne,

Ag cur i gcéill óna chéile lenár bpictiúir próifíle,

Le híomha speisialta le haghaidh na meán sóisialta

Ag scríobh air go rialta le go mbíonn an íomha díolta,

Leis na heacha riata agus leis an lucht leanúna,

Ach tosnaíonn an saol rúnda nuair a bhíonn an laptop dúnta,

Na rudaí laethúla mar a fheictear le bhur súile,

Rudaí beaga fánacha agus ábhar na cinniúna,

An grá is an ghráin is gach a bhfuil i ndán dúinne,

Idir craic is leadrán agus gach a bhfuil á rá fúinne.

Ná héist le dadaí atá ráite ag madaí na sráide,

Ag cur roc ina malaí faoi chailín atá cráite,

Nó ag gearthháil faoin bhfear thall atá ag brácáil ach cáite leis

an mbaol ar an saol go mbeidh a anamsa caillte,

Ach mar bhaill den chine daonna ní féidir linne staonadh ó na
tréithe ceannan céanna atá againne inár ngéinte,
Agus ar nós tréithe daonna i ndéithe na gréige, bímid buailte le
claonadh chun gluaiseacht a dhéanamh.

***Cufrá***

Mar ní theastaíonn uainn a bheith foirfe,
Is féidir linn a bheith corraithe,
Leis an strus a chuirtear orainne,
Nuair a bhíonn an saol seo dorcha,
Ball foirne, sin nádúr an duine,
Ach na súile ar fad a bheith orainne, sin nádúr na linne.

## Pointí Spéise

Is rap é 'An Saol Rúnda'

Tá íomhánna soiléire san amhrán. Is éasca iad a shamhlú de bharr na liricí.

Tá cumha láidir mar mhothúcháin. Tá an t-amhránaí ag breathnú siar ar a shaol sula raibh guthán aige agus sula raibh na meáin shóisialta lárnach i saol an duine.

Is é na meáin shóisialta téama an amhráin seo.

Tá rithim bhríomhar, láidir ann.

# Obair Ranga

An dtaitníonn an ceol leat? Cén sórt ceoil é?

An dtaitníonn na liricí leat? Cén fáth? Cad é an líne nó an véarsa is fearr leat?

Céard é príomhthéama an amhráin seo? Déan plé ar do fhreagra.